

*Nóta faisnéise le haghaidh an  
chomhairliúcháin phoiblí  
maidir leis na*

**Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse  
Poiblí (Beart Teagmhasachta – Soláthar  
Feithiclí) (Aois Incheadaithe Uasta)**

*atá  
beartaithe*

*An tÚdarás Náisiúnta Iompair*

## Feidhm Rialála an Údaráis Náisiúnta Iompair

Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair an t-údarás iompair phoiblí do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus an ghníomhaireacht ceadúnúcháin iompair phoiblí d'Éirinn.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as an tionscal beagfheithiclí seirbhíse poiblí in Éirinn a rialáil. Amhail an 31 Lúnasa 2022, áiríodh leis an bhflít beagfheithiclí seirbhíse poiblí 17,158 gcinn de thacsaithe agus fruilcharranna a bhí gníomhach, agus stádas neamhghníomhach ag 2,156 cheadúnas (i.e., a bhí i dteideal a n-athnuachana laistigh de 24 mhí ó bhundáta éaga an cheadúnais feithicle).

Mar chuid d'fheidhm rialála an Údaráis Náisiúnta Iompair, agus de réir alt 20 de na hAchtanna um Rialáil Tacsaithe, 2013 agus 2016, féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair rialacháin a dhéanamh i ndáil le cineál agus aois aon fheithicle a fhéadfar a úsáid mar bheagfheithicil seirbhíse poiblí. Sonraítear i Rialachán 31 de na Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithicil Seirbhíse Poiblí), 2015, na teorainneacha "aoise incheadaithe uasta" le haghaidh feithicil a oibriú mar thacsaí nó mar fhruilcharr, rud a dtugtar an riail 10 mbliana air sa ghnáthchaint.

## Achoimre

Le linn phaindéim COVID-19, rinneadh roinnt beart chun tacú leis an tionscal Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí. Ba é a bhí i gceann amháin díobh sin ná rialacháin éigeandála a thabhairt isteach chun aois incheadaithe uasta tacsaithe agus fruilcharranna a fhadú go sealadach, mar thoradh ar an nganntanas forfheidhmithe éilimh ó phaisinéirí le linn shrianta COVID-19, rud a laghdaigh cumas tuillimh na n-oibritheoirí Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí go mór.

Cuireadh roinnt rialachán éigeandála i gcrích de réir a chéile, ar aon dul leis na tuartha éiritheacha sláinte poiblí ar domhan agus sa Stát faoi fhad ionchais na paindéime. De réir mar a leathnaíodh an réamhaisnéis agus na srianta taistil, leathnaíodh na rialacháin éigeandála.

Mar thoradh ar na rialacháin éigeandála sin, níor ceanglaíodh ar aon tacsaí ná aon fhruilcharr imeacht ón bhflít beagfheithiclí seirbhíse poiblí de bharr aoise le linn na srianta sláinte poiblí agus ina ndiaidh (2020, 2021 agus 2022). Is ceadmhach do na feithicilí uile sin fanacht sa fhlít go dtí lá agus mí a mbundáta oibriúcháin deiridh, cé go dtitfidh sé sin amach sa bhliain 2023.

Mar thoradh ar dhianghlasálacha Covid-19 i láithreacha atá ríthábhachtach le haghaidh comhphárteanna feithicilí a mhonarú agus ar dhúshláin aeráide, fuinnimh agus gheopholaitiúla a thit amach le déanaí go háirithe, ní bheidh sé indéanta gach tacsáí agus fruilcharr a bhfuil a ré caite a athsholáthar sa bhliain 2023.

Tá na tosca reatha agus éiritheacha a bhfuil sealbhóirí ceadúnais ag dul i ngleic leo le haghaidh tacsaithe agus fruilcharranna a bhfuil a ré caite a athsholáthar ag cruthú stoirm fhoirfe de sholáthar srianta feithicilí.

Áirítear leo sin:

- Ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin agus leanúint neamhthuartha den ghanntanas domhanda sliseanna leathsheoltóra, neoin, nicile agus pallaidiam;
- Cóimheas fuinnimh san Eoraip;
- Cur isteach ar lóistíocht sa Ghearmáin;
- Dianghlasálacha COVID-19 sa tSín; agus
- Soláthar d'Éirinn.

Teastaíonn freagairt phragmatach chun tionchar na nithe nach bhfuil smacht ag an Stát orthu a rialú. Dá bharr sin, tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag déanamh breithniú ar fhoráil teagmhasachta eisceachtúil shealadach a dhéanamh i ndáil le teorainneacha aoise incheadaithe uasta feithicilí na bhfeithicilí a mbeidh a ré caite roimh an mbliain 2025.

Is é atá sa togra ná an aois incheadaithe uasta le haghaidh tacsaithe agus fruilcharranna a fhadú chun nach gcuirfear aon sealbhóir ceadúnais feithicilí atá ann cheana amach as an tionscal mar thoradh ar aois na feithicilí toisc nach féidir feithicilí athsholáthair a cheannach sna timpeallachtaí atá ann cheana ina bhfuil soláthar srianta, agus filleadh tuislithe a bheith ann ar na gnáth-theorainneacha aoise.

Ag aithint dó na timpeallachtaí atá ann cheana ina bhfuil soláthar srianta, rud a deimhníodh le trí seachtaine anuas nuair a aisiompaíodh na tuartha a fuarthas roimhe sin ó mhonaróirí feithicilí ar fud an domhain, a réamh-mheasann anois nach n-athróidh an acmhainn soláthair d'fheithicilí olltáirgthe chun feabhais ach amháin sa bhliain 2024, mar thoradh ar na himthosca eisceachtúla leantacha agus éiritheacha ina bhfuil dúshláin a bhaineann le cúrsaí geopholaitiúla, le dianghlasálacha COVID-19 agus leis an aeráid, beartaíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair na nithe seo a leanas:

1. na Rialacháin um Beagfheithicilí Seirbhíse Poiblí (Beart Teagmhasachta – Soláthar Feithicilí) (Aois Incheadaithe Uasta), 2022, a achtú chun cead a thabhairt do bheagfheithicilí seirbhíse poiblí a bhfuil dáta oibriúcháin deiridh reatha acu sa bhliain 2023 nó sa bhliain 2024 oibriú ar feadh tréimhse is faide ná an aois incheadaithe uasta a leagtar amach i Rialachán 31 de na Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithicilí Seirbhíse Poiblí), 2015 (de réir mar a d'fhéadfaí iad a leasú);

2. deireadh a chur leis na Rialacháin teagmhasachta eisceachtúla shealadacha seo de réir a chéile ón mbliain 2025 i leith le haghaidh na bhfeithiclí ré fadaithe is sine (idir 15 bliana agus 20 bliain d’aois) chun aistriú níos fusa ar ais chuig na haoisteorainneacha cuí Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí faoi Rialachán 31 a chinntiú; agus
3. athbhreithniú ag deireadh na bliana 2023 ar oiriúnacht na Rialachán teagmhasachta eisceachtúil.

## Cúlra

Folaíonn an fhreagracht as rialáil an tionscail beagfheithicle seirbhíse poiblí ag an Údarás Náisiúnta Iompair rialáil a dhéanamh ar aois aon fheithicle a fhéadfar a úsáid mar bheagfheithicil seirbhíse poiblí, faoi na cumhachtaí a leagtar amach in alt 20 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013 – an aois incheadaithe uasta tacsáí nó fruilchairr.

Rachaidh ceadúnas tacsáí nó fruilchairr arna dheonú ag an Údarás Náisiúnta Iompair in éag an dáta is luaithe acu seo a leanas a thiteann—

1. bliain amháin tar éis an dáta ar ar deonaíodh é (athnuachan bhliantúil),
2. *an dáta ar a slánaíonn an feithicil a haois incheadaithe uasta,*
3. géilleadh an cheadúnais ag an sealbhóir,
4. cúlghairm an cheadúnais faoin bPríomh-Acht, nó
5. an sealbhóir cheadúnais do scor de theidlíocht dhlíthiúil a bheith aige nó aici i leith úsáid agus sheilbh na feithicle lena mbaineann an ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí.

Déileáiltear sa Nóta Faisnéise seo le pointe 2 thuas, arb é atá ann ceadúnas tacsáí nó fruilchairr do dhul in éag de bhua a haois incheadaithe uasta a bheith slánaithe ag an bhfeithicil ghaolmhar.

Sa chomhthéacs seo, ciallaíonn an “aois incheadaithe uasta” an aois tacsáí nó fruilchairr ar ina diaidh nach bhféadfar feithicil a cheadúnú mar bheagfheithicil seirbhíse poiblí den chatagóir cheadúnais feithicle ábhartha. Ríomhtar aois na feithicle ón dáta beacht ar ar cláraíodh í den chéad uair (lá, mí agus bliain) in aon tír/dlínse. A luaithe a shlánaíonn feithicil a haois incheadaithe uasta, ní fhéadfaidh an sealbhóir cheadúnais iarratas a dhéanamh chuig an Údarás Náisiúnta Iompair ar cheadúnas feithicle ar an bhfeithicil sin a athnuachan. Ní foláir feithicil athsholáthair níos óige a cheannach, agus ní foláir tástáil ródacmhainneachta (an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán) agus tástáil oiriúnachta tosaigh beagfheithicle seirbhíse poiblí a chur i gcrích.

Maidir le riail deich mbliana na hÉireann le haghaidh tacsaithe caighdeánacha agus fruilcharranna caighdeánacha, áit a bhfuil riail 15 bliana i bhfeidhm maidir le feithiclí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí,

níl sí dochraideach i gcomparáid le dlínsí comhchosúla (áit arb ann do cheanglais caighdeán astaíochtaí Euro 6 (díosal) / Euro 4 (peitreal) nó d'aoisteorainneacha idir seacht mbliana agus deich mbliana).

Bhreithnigh an Bord an aois incheadaithe uasta tacsaithe agus fruilcharranna ar fud shrianta Covid-19, ar lena linn nach raibh tiománaithe beagfheithicle seirbhíse poiblí in ann ioncam a ghnóthú ó sheirbhís beagfheithicle seirbhíse poiblí a sholáthar.

I láthair na huaire, trí bhíthin rialachán éigeandála, féadfaidh beagfheithiclí seirbhíse poiblí a bhfuil bundáta oibriúcháin deiridh acu le linn thréimhse shrianta Covid-19 idir an bhliain 2020 agus an bhliain 2022 leanúint de sheirbhísí beagfheithicle seirbhíse poiblí a sholáthar go dtí a ndáta agus mí bunaidh éaga sa bhliain 2023, faoi réir gach coinníll ceadúnúcháin eile. Dá bhrí sin, ba ghá, amhail an 7 Meán Fómhair 2022, 3,751 cheann de thacsaithe agus fruilcharranna atá ceadúnaithe faoi láthair a athsholáthar le linn na bliana 2023. Ba é an gnáthlíon feithiclí a bhí le hathsholáthar roimh phaindéim Covid-19 ná líon idir 750 feithicil agus 2,000 feithicil. Is é an réamhaisnéis le haghaidh na mblianta 2024 agus 2025 ná go n-athsholáthrófar 2,328 bhfeithicil agus 2,202 fheithicil faoi seach i láthair na huaire; is amhlaidh, ar ndóigh, a laghdóidh an líon sin de réir mar a imíonn an t-am thart agus a roghnaíonn oibritheoirí leas a bhaint as deontais nó a bhfeithiclí a athsholáthar dá ndeoin féin.

Léirítear sa tábla seo a leanas an t-athrú feithiclí a tharla, beag beann ar na faduithe dlí ab incheadaithe go dtí deireadh mhí Lúnasa 2022:

Stádas amháil an 31 Lúnasa 2022	Fadú 36 mhí na haoise incheadaithe uasta		Fadú 24 mhí na haoise incheadaithe uasta		Fadú 12 mhí na haoise incheadaithe uasta		An bhfuil sé amhlaidh gur baineadh leas as an Sochar Rialála?
<b>Athsholáthraíodh an fheithicil ar an gceadúnas</b>	<b>431</b>	<b>56%</b>	<b>650</b>	<b>36%</b>	<b>431</b>	<b>21%</b>	<b>Níl</b>
☐ Ceadúnais reatha	410		646		430		
☐ Ceadúnais neamhghníomhacha	20		4		1		
<b>Chuathas isteach i Stádas Neamhghníomhach – suas le 24 mhí</b>	<b>19</b>	<b>2%</b>	<b>157</b>	<b>9%</b>	<b>275</b>	<b>14%</b>	
<b>Ceadáíodh don cheadúnas do dhul in éag</b>	<b>91</b>	<b>12%</b>	<b>148</b>	<b>8%</b>	<b>117</b>	<b>6%</b>	
<b>Athnuadh an ceadúnas leis an aon fheithicil amháin</b>	<b>222</b>	<b>29%</b>	<b>828</b>	<b>46%</b>	<b>1,200</b>	<b>59%</b>	<b>Tá</b>
☐ Ceadúnais reatha	181		739		1,192		
☐ Ceadúnais neamhghníomhacha	41		89		8		
Níor slánaíodh an aois incheadaithe uasta	0	0%	0	0%	13	1%	
<b>Iomlán</b>	<b>763</b>	<b>100%</b>	<b>1,783</b>	<b>100%</b>	<b>2,036</b>	<b>100%</b>	

## Togra

Mar thoradh ar dhúshláin aeráide agus geopholaitiúla a thit amach le déanaí go háirithe, níl sé indéanta Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí a bhfuil a ré caite a athsholáthar sa tréimhse 12-15 mhí atá romhainn. Mar sin féin, is amhlaidh ar an meán atá an t-éileamh le déanaí ar sheirbhísí Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí idir 20% agus 45% níos mó ná a bhí sé sa bhliain 2019.

Tá na tosca a bhfuil sealbhóirí ceadúnais ag dul i ngleic leo le haghaidh Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí a bhfuil a ré caite a athsholáthar ag cruthú stoirm fhoirfe de sholáthar srianta feithiclí. Áirítear leo sin:

- Leanúint neamhthuartha den ghanntanas domhanda sliseanna leathsheoltóra agus pallaidiam:
  - is sa Rúis agus san Úcráin a tháirgtear an-chuid de na príomh-amhábhair a úsáidtear i monaraíocht leathsheoltóirí. Roimh mhí an Mhárta 2022, tháirg an Úcráin idir 70% agus 80% den soláthar domhanda neoin, agus tháirg an Rúis idir 35% agus 45% de sholáthar pallaidiam an domhain. Is rud tábhachtach é an ganntanas pallaidiam toisc go bhfuil sé bunriachtanach le haghaidh tiontairí catalaíocha a tháirgeadh;
  - ba sa Téaváin sa bhliain 2019 a monaraíodh 63% den soláthar domhanda leathsheoltóirí. I láthair na huaire, tá TSMC – Taiwan Semiconductor Manufacturing Company – ag monarú 92% de na leathsheoltóirí is mó forbairt ar domhan. Tá an chorrail gheopholaitiúil atá ag teacht chun cinn ann ó mhí Lúnasa i leith ag déanamh difear don soláthar domhanda leathsheoltóirí sa ghearrthearma, agus aisghabháil na nganntanas reatha á déanamh éiginnte idir an meántearma agus an fadtearma;
- Cóimheas fuinnimh san Eoraip:
  - tabharfar cóimheas fuinnimh isteach san Eoraip (go háirithe i monaraíocht feithiclí sa Ghearmáin) mar thoradh ar sholáthar gáis Nord Stream a bheith curtha ar fionraí ar feadh tréimhse éiginnte ag an Rúis an 5 Meán Fómhair. Tabharfar tús áite d'úsáid chónaithe thar úsáid tionscail throm, rud a laghdóidh an táirgeadh feithiclí tuilleadh agus a mhéadóidh costais fhoriomlána;
- Lóistíocht:
  - mar gheall ar an triomach i mí Lúnasa, níl longa in ann dul thar an Réin agus an Danóib toisc an t-uisceleibhéal i gcodanna de na haibhneacha sin a bheith ró-íseal dóibh, rud is cúis le cur isteach suntasach breise ar shlabhraí soláthair, go háirithe maidir le hola agus gual a iompar;
- Paidéim Covid-19:

- lean beartas dianghlasála na Síne ar aghaidh ag dul i bhfeidhm ar an soláthar amhábar agus comhpháirteanna i mí Lúnasa, agus cuireann lucht déanta beartas na Síne in iúl go bhfanfaidh dianghlasálacha Covid-19 i bhfeidhm;
- Soláthar d’Éirinn:
  - ós í an margadh gluaisteán deas-stiúrtha is mó san Eoraip do mhonaróirí feithiclí í, tá an Ríocht Aontaithe níos tarraingtí le haghaidh díolacháin gluaisteán nua (toisc an cháin a bheith níos ísle agus steirling a bheith níos láidre);
  - fágann an ganntanas gluaisteán nua i margadh na hÉireann (agus agaí tionscanta an-fhada) go bhfuil ganntanas ann sa soláthar inmheánach gluaisteán athlámhe;
  - ní féidir freastal ar an éileamh ar ghluaisteáin athlámhe, rud is cúis le praghsanna níos airde;
  - soláthar an-laghdaíthe gluaisteán nua agus athlámhe tar éis an Bhreathimeachta toisc go bhfuil cáin níos airde (dleacht custam, cáin cláraithe feithiclí, cáin bhreisluacha) ag gabháil le hallmhairí ón Ríocht Aontaithe anois; agus
  - freastalóidh monaróirí feithiclí ar an éileamh faoi chois ar fheithiclí nua den scoth sula bhfreastalófar ar an éileamh ar fheithiclí caighdeánacha olltáirgthe.

Teastaíonn freagairt phragmatach chun tionchar na nithe nach bhfuil smacht ag an Stát orthu a rialú. Dá bharr sin, tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag déanamh breithniú ar fhoráil teagmhasachta eisceachtúil shealadach a dhéanamh i ndáil le teorainneacha aoise incheadaithe uasta feithicle na bhfeithiclí a mbeidh a ré caite roimh an mbliain 2025. Is é atá sa togra ná an aois incheadaithe uasta le haghaidh tacsaithe agus fruilcharranna a fhadú chun nach gcuirfear aon sealbhóir ceadúnais feithicle atá ann cheana amach as an tionscal de bharr aoise toisc nach féidir feithicil athsholáthair a cheannach sna timpeallachtaí eisceachtúla atá ann cheana ina bhfuil dúshláin gheopholaitiúla, dúshláin aeráide agus soláthar srianta.

Ag aithint dó na timpeallachtaí atá ann cheana ina bhfuil soláthar srianta, rud a deimhníodh le trí seachtaine anuas nuair a aisiompaíodh na tuartha a fuarthas roimhe sin ó mhonaróirí feithiclí ar fud an domhain, a réamh-mheasann anois nach n-athróidh an acmhainn soláthair d’fheithiclí olltáirgthe chun feabhais ach amháin sa bhliain 2024, mar thoradh ar na himthosca eisceachtúla leantacha agus éiritheacha ina bhfuil dúshláin a bhaineann le cúrsaí geopholaitiúla, le dianghlasálacha COVID-19 agus leis an aeráid, beartaíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair na nithe seo a leanas:

1. na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Beart Teagmhasachta – Soláthar Feithiclí) (Aois Incheadaithe Uasta), 2022, a achtú chun cead a thabhairt do bheagfheithiclí seirbhíse poiblí a bhfuil dáta oibriúcháin deiridh reatha acu sa bhliain 2023 nó sa bhliain 2024 oibriú ar feadh tréimhse is faide ná an aois incheadaithe uasta a leagtar amach i Rialachán 31 de na



Rialachán um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithicil Seirbhíse Poiblí), 2015 (de réir mar a d'fhéadfaí iad a leasú);

2. deireadh a chur leis na Rialachán teagmhasachta eisceachtúla shealadacha seo de réir a chéile ón mbliain 2025 i leith le haghaidh na bhfeithicilí ré fadaithe is sine (idir 15 bliana agus 20 bliain d'aois) chun aistriú níos fusa ar ais chuig na haoisteorainneacha cuí Beagfheithicilí Seirbhíse Poiblí faoi Rialachán 31 a chinntiú; agus
3. athbhreithniú ag deireadh na bliana 2023 ar oiriúnacht na Rialachán teagmhasachta eisceachtúil.

Beidh na Rialachán um Beagfheithicilí Seirbhíse Poiblí (Beart Teagmhasachta – Soláthar Feithicilí) (Aois Incheadaithe Uasta) ina bhforáil teagmhasachta eisceachtúil shealadach mar fhreagairt dhíreach don staid leantach neamhréitithe de ghanntanais leanúnacha soláthair feithicilí ar mhaithe le tacú le tionscal leanúint de sheirbhís iompair phoiblí a sholáthar.

Ón mbliain 2025 ar aghaidh, déanfar Rialachán 31 de na Rialachán um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithicil Seirbhíse Poiblí), 2015 (de réir mar a d'fhéadfaí iad a leasú), agus na haoiseanna incheadaithe uasta atá istigh ann (rud ar a dtugtar an riail deich mbliana sa ghnáthchaint), a chur i bhfeidhm arís de réir a chéile.

Údarás Náisiúnta Iompair  
Dún Scéine, Lána Fhearchair  
Baile Átha Cliath 2, D02 WT20

National Transport Authority  
Dún Scéine, Harcourt Lane  
Dublin 2, D02 WT20

